Coimisiún na Meán

***FÓGRA FAOI CHINNEADH***

***Fógra faoi Chinneadh go bhfuil WhatsApp Ireland Limited, i leith na seirbhíse Channels, neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta***

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí agus na ndualgas a thugtar dó le hAirteagal 12(1)(c) de Rialachán (AE) 2021/784 maidir le haghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne ("**TCOR**") agus le hIonstraim Reachtúil Uimh. 545 de 2023, tugann Coimisiún na Meán (an "**Coimisiún**") fógra leis seo go ndearna sé cinneadh go bhfuil WhatsApp Ireland Limited neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta.

**Dáta Éifeachta**

De bhun Airteagal 5(4)(b) de TCOR, tiocfaidh an cinneadh seo i bhfeidhm ach go dtabharfaidh an Coimisiún fógra do WhatsApp Ireland Limited faoin gcinneadh. Is é 16 Deireadh Fómhair 2025 an dáta a thagann an cinneadh seo i bhfeidhm dá bhrí sin.

**Jeremy Godfrey**
**An Cathaoirleach**
**Coimisiún na Meán**

16 Deireadh Fómhair 2025